# Ceacht 3



## Sainaithin raon mothúchán mar a chuirtear i láthair iad sna meáin chumarsáide agus faigh tuiscint ar na mothúcháin a spreagann roinnt fógraí ionainn

| | |
|---|---|
| **Cuspóir Foghlama** | Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann raon mothúchán mar a chuirtear i láthair iad sna meáin chumarsáide a shainaithint agus tuiscint a fháil ar na mothúcháin a spreagann roinnt fógraí ionainn. |
| **Toradh Foghlama** | Cur síos a dhéanamh ar mhothúcháin bhunúsacha (sonas, míshonas, fearg, leadrán, ionadh, eagla) agus cén 'chuma' a bheadh orthusan dá mbeifeá chun iad a chur i láthair sna meáin chumarsáide. Gotha gnúise a mheaitseáil le mothúchán. Raon mothúchán a shainaithint sa chaoi a gcuirtear iad i láthair sna meáin chumarsáide – leabhair, irisleabhair agus suíomhanna gréasáin, agus a thuiscint go spreagann roinnt fógraí mothúcháin ionainn. |
| **Nótaí na Mhúinteora** | Is cuid dár bpearsantacht iad ár mothúcháin agus is féidir linn a lán mothúchán a bhrath le linn an lae. Baineann na meáin chumarsáide úsáid as mothúcháin an t-am ar fad, ionas gur féidir linn na nithe atá á bhfeiceáil agus á gcloisteáil againn sna meáin a thuiscint agus a bhrath. |
| **Acmhainní** | • An ghníomhaíocht idirghníomhach *Cad is Mothúchán ann?*<br>• Gníomhaíocht 3.1<br>• An Físeán *An Teachtaireacht agus na Mothúcháin is bun leis na Meáin Chumarsáide* |
| **Modheolaíocht** | • Caint agus plé: Mothúcháin<br>• Foghlaim ghníomhach: Ainmnigh an Mothúchán; An ghníomhaíocht idirghníomhach Cad is Mothúchán ann?<br>• Comharfhoghlaim: Ainmnigh an Mothúchán<br>• Scileanna trí mheán an ábhair: Gníomhaíocht maidir le Mothúcháin |

An teachtaireacht agus na mothúcháin is bun leis na meáin chumarsáide

# Ceacht 3



## Cur Chuige

**Céim 1: Mothúcháin**

- Fiafraigh de na leanaí an féidir leo aon mhothúcháin a ainmniú a bhraitheann siad?

*Seans go luafaidh siad sonas, míshonas, fearg, leadrán, ionadh, eagla.*

- Fiafraigh de na leanaí cathain a bhraitheann siad na mothúcháin sin?
- Iarr ar na leanaí na mothúcháin sin a léiriú le gotha gnúise nó geáitsíocht (sonas, míshonas, fearg, leadrán, ionadh, eagla).
- D'fhéadfadh an múinteoir féin é sin a eiseamláiriú.
- Ansin iarr ar na leanaí mothúchán eile a léiriú.
- Téigh timpeall an ranga agus iarr ar na leanaí mothúchán a léiriú - sonas, míshonas, buairt, fearg, leadrán, spéis, ionadh, eagla agus iarr ar na leanaí eile a thomhas cén mothúchán atá á léiriú acu.
- Ansin, agus iad ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpa, iarr ar na leanaí mothúchán a léiriú agus beidh ar a bpáirtí nó ar a ngrúpa a thomhas cén mothúchán atá i gceist.

**Céim 2: An Ghníomhaíocht Idirghníomhach *Cad is Mothúchán ann?***


- Abair leis na leanaí go bhfuil siad chun triail a bhaint as gníomhaíocht idirghníomhach chun na mothúcháin atá á léiriú ag leanaí eile a thomhas.
- Oscail an ghníomhaíocht idirghníomhach *Cad is Mothúchán ann?* atá ar fáil ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie, a dhíríonn ar na mothúcháin sonas, míshonas, fearg agus buairt.
- Tabhair an deis do na leanaí a thomhas cén mothúchán atá á léiriú ag na leanaí eile.
- Iarr orthu a thomhas cén chúis a d'fhéadfadh a bheith leis an mothúchán áirithe sin.
- Tabhair an deis do na leanaí aithris a dhéanamh ar na mothúcháin atá á bhfeiceáil acu ar an scáileán, agus mínigh dóibh cathain a bhraitheann daoine na mothúcháin áirithe sin.
- Fiafraigh de na leanaí ar bhraith siad riamh na mothúcháin atá á léiriú sna fógraí.
- Mínigh dóibh go ndéantar fógraí a chruthú sa chaoi is go spreagfaidís mothúcháin ionainn.




**Ghníomhaíocht Idirghníomhach**

**Céim 3: Gníomhaíocht maidir le Mothúcháin**

- Mínigh do na leanaí go mbaintear leas as mothúcháin sna meáin an t-am ar fad a bhaineann lena bhfuil á fheiceáil agus á chloisteáil againn.
- Fiafraigh de na leanaí cén mothúchán agus cén gotha gnúise a tharlódh de bharr na nithe seo a leanas:
  - Bréagán nua a fháil ó chara leat
  - Slaghdán a bheith ort
  - An bua a fháil i gcluiche spóirt
  - An iomarca oibre baile a fháil
  - Éadaí nua a fháil
  - Leabhar nua a léamh.
- Abair leis na leanaí go mbeidh an deis acu i nGníomhaíocht 3.1 líníocht a tharraingt de na mothúcháin atá á léiriú ag na leanaí san fhógra.
- Cuir i gcuimhne dóibh gur minic a úsáideann fógróirí mothúcháin mar bhealach chun iarracht a chur ina luí orainn táirge nó seirbhís éigin atá á dhíol acu a cheannach.
- Tar éis dóibh an ghníomhaíocht a chur i gcrích fiafraigh de na leanaí ar mhaith leo a gcuid oibre a roinnt leis an rang agus a mhíniú cén fáth ar roghnaigh siad na mothúcháin sin.




**Gníomhaíocht 3.1**

# Ceacht 3



## **Cur Chuige** ar lean

**Céim 4: An físeán *An Teachtaireacht agus na Mothúcháin is Bun leis na Meáin Chumarsáide***

- Abair leis na leanaí go mbreathnóidh siad anois ar fhíseán gearr mar gheall ar mhothúcháin agus na meáin chumarsáide.
- Seinm an Físeán ‘An teachtaireacht agus na mothúcháin is bun leis na meáin chumarsáide’ atá ar fáil ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie
- Cuir an físeán ar sos agus fiafraigh de na leanaí an bhfaca siad aon rud a raibh na fógróirí ag baint úsáide as chun iarracht a dhéanamh mothúchán a spreagadh i ndáil le táirge ar leith.
- Seans go luafadh na leanaí a leithéidí seo:
  - Lógónna agus ainmneacha brandaí
  - Físábhar lena n-áirítear íomhánna agus dathanna
  - Teanga/focail
  - Carachtair agus ainmhithe
  - Fuaim agus ceol
  - Daoine cáiliúla
  - Tairiscintí speisialta amhail bronntanais saor in aisce, lascainí, ‘ceannaigh ceann agus faigh ceann saor in aisce’, táirge ollmhór, 50% sa bhreis nó síntiúis le haghaidh scannán.
- Tar éis an fhíseáin fiafraigh de na leanaí an bhfaca siad nó ar chuala siad aon rud nach raibh ar eolas acu cheana féin.
- Mínigh do na leanaí go leanfaidh siad orthu ag foghlaim faoi mhothúcháin agus na meáin chumarsáide, ach idir an dá linn ba cheart dóibh súil a choinneáil amach do theachtaireachtaí a fheicfidh siad nó a chloisfidh siad sna meáin, agus a machnamh a dhéanamh ar na mothúcháin a spreagann na teachtaireachtaí sin iontu.
- Cuir i gcuimhne do na leanaí go ndeartar fógraí ionas go spreagfar mothúcháin ionainn.




**Físeán**